# AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE
# (AN DLÍ COIRIÚIL)

**AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)**

## Tuarascáil Bhliantúil 2023

**An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**
**7 Plás Íle**
**Baile Átha Cliath 2, D02 TW98**
**Teileafón: (01) 8592296**
**R-phost: mhclrb_inbox@justice.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.mhclrb.ie**

**CLÁR AN ÁBHAIR**


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | Lch 3 |
| Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | Lch 5 |
| Athbhreithnithe ag an mBord | Lch 5 |
| An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil fá Mheabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | Lch 8 |
| Orduithe um Urscaoileadh | Lch 8 |
| Cionta nó Cionta Líomhnaithe | Lch 9 |
| Faisnéis Airgeadais | Lch 10 |
| Nochtadh Cosanta | Lch 10 |
| Cosaint Sonraí | Lch 10 |
| Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine | Lch 11 |
| Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha | Lch 11 |


**FOSCRÍBHINNÍ**


| | |
|---|---|
| Foscríbhinn A - Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa i 2023/2022 | Lch 16 |
| Foscríbhinn B - Líon na nOthar arna nAthbhreithniú in aghaidh Diagnóise i 2023/2022 | Lch 17 |
| Foscríbhinn C - Líon na nÉisteachtaí de réir Chineál an Athbhreithnithe i 2023/2022 | Lch 18 |
| Foscríbhinn D - Líon na nÉisteachtaí i 2023/2022 de réir an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú | Lch 19 |
| Foscríbhinn E - Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil i 2023/2022 | Lch 20 |
| Foscríbhinn F - Líon na nOthar a Urscaoileadh go Coinníollach i 2023/2022 | Lch 21 |
| Foscríbhinn G - Cionta nó Cionta Líomhnaithe | Lch 22 |

## 1. RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Tá áthas orm, mar Chathaoirleach ar an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Bhoird, ina dtugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2023, a thíolacadh. Is í seo an 17ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBord Athbhreithnithe.

D'aistrigh an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar go Port Reachrann ar an 13 Samhain, 2022. D'éirigh go maith leis an aistriú agus tá na hothair socraithe isteach sna saoráidí nua.

I 2023, tháinig ardú ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe a seoladh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Sheol an Bord 187 athbhreithniú i gcomparáid le 180 i 2022, ina ndearnadh athbhreithniú ar choinneáil 88 othar. As na 88 othar a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil, deonaíodh urscaoileadh coinníollach do chúigear díobh. Deonaíodh urscaoileadh coinníollach do cheathrar othar i 2022, as líon iomlán 82 a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil an bhliain sin.
Rinneadh dhá iarratas ar leasú ar urscaoileadh coinníollach, iarratas amháin a deonaíodh.

Chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cliniciúil eatramhach an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar in iúl don Bhord go ndearna sí beirt othar a bhí urscaoilte go coinníollach a aisghairm ar an bhforas go raibh tuairim réasúnach aici go raibh sárú ábhartha déanta ag na hothair ar an Ordú um Urscaoileadh Coinníollach.

Chomh maith leis sin, i 2023, chuaigh an Bord ar aghaidh go dtí an 41ú agus an 42ú hathbhreithniú a sheoladh maidir le coinneáil roinnt othar.

Fuair an Bord seacht n-iarratas ar urscaoileadh neamhchoinníollach i 2023. Dheonaigh an Bord ceithre urscaoileadh neamhchoinníollach as na hiarratais go léir a fuarthas. Bhí trí cinn beartaithe le haghaidh éisteachtaí i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2024. Cuireadh ceann amháin siar le sceidealú arís in 2024.

Thar ceann mo chomhghleacaithe, gabhaim buíochas leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Cliniciúil eatramhach reatha, an Dr Brenda Wright, as a cúnamh i rith na bliana. Gabhaim buíochas, freisin, leis na foirne ildisciplíneacha as an obair a rinne siad le linn dóibh tuarascálacha síciatracha a ullmhú d'othair roimh a gcuid éisteachtaí athbhreithnithe. Is eol don Bhord gur obair fhadálach atá san obair sin do gach duine a bhíonn páirteach inti. Tá an Bord buíoch as an gcabhair agus as an gcomhoibriú leanúnach ó shíciatraithe comhairleacha, altraí, teiripeoirí, seirbhísí sóisialta agus foireann riaracháin an ospidéil.

Arís, ba mhaith liom obair chomhaltaí Phainéal Ionadaithe Dlíthiúla an Bhoird, a leanann d'fheidhmiú go cumasach coinsiasach ar son othar a thagann os comhair an Bhoird chun a gcoinneáil a athbhreithniú, a mholadh agus iad a mholadh as a gcomhoibriú leis na socruithe chun filleadh ar éisteachtaí i bpearsa san ospidéal.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom, freisin, buíochas a chur in iúl do Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird, Aisling Uas. Brennan, Rúnaí an Bhoird, agus do Anita Uas. Kelleher agus Ann Uas. Casey as an tseirbhís shármhaith éifeachtúil a thugadar don Bhord le linn na bliana.

**Iarfhlaith O'Neill**
**Cathaoirleach**

**19 Márta 2024**

## 2. FEIDHM AN Bhoird Athbhreithnithe MEABHAIR SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ar an 27 Meán Fómhair, 2006, faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. Tá an Bord neamhspleách go reachtúil i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar a atreoraíodh chuig lárionaid ainmnithe ag eascairt as cinneadh arna dhéanamh ag na cúirteanna go bhfuil siad neamhinniúil ar dhul faoi thriail nó ar cinneadh iad a bheith neamhchiontach i gcion de dheasca gealtachta. Faoi Acht 2006, arna leasú leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010, tá sé de chumhacht ag an mBord a ordú leanúint d'othair a choinneáil nó a n-urscaoileadh coinníollach, nó a n-urscaoileadh neamhchoinníollach, a ordú. Le linn dó teacht ar chinneadh, ní foláir don Bhord aird a thabhairt ar leas agus sábháilteacht an othair agus ar leas an phobail.

Déanann an Bord athbhreithniú, freisin, ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a ndearnadh iad a aistriú chuig lárionad ainmnithe agus neamhord meabhrach orthu. Féadfaidh an Bord a ordú leanúint dá gcoinneáil nó iad a chur ar ais sa phríosún.

## 3. ATHBHREITHNITHE AG AN mBORD

De réir mar a fhoráiltear le hAcht 2006, ní foláir don Bhord coinneáil gach othair a athbhreithniú i gceann agaí nach faide ná sé mhí. De ghnáth, bhíonn dhá éisteacht athbhreithnithe in aghaidh na bliana ag othair fhadtéarmacha ach d'fhéadfadh níos mó a bheith ag cuid acu de bharr go bhféadfar athbhreithniú a sheoladh ar thionscnamh an Bhoird nó ar iarraidh ó othar nó ó Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-

Ghalar, ar leith ó na héisteachtaí a sceidealtar go rialta. Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt a ordú don Bhord athbhreithniú a sheoladh maidir le coinneáil príosúnaigh a thugtar isteach san ospidéal dá ainneoin nó dá hainneoin.

De ghnáth, bíonn idir 80 agus 90 othar á gcoinneáil aon tráth áirithe sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Acht 2006. Tagann athrú ar an líon sin mar go ndéantar, seachas na hothair arna gcoinneáil ar feadh tréimhsí níos faide, othair a aistriú ón bpríosún, le toiliú nó dá n-ainneoin, le haghaidh cúraim nó cóireála nach mbíonn ar fáil dóibh sa phríosún. D'fhéadfadh sé, áfach, nach dtiocfadh daoine de na hothair sin os comhair an Bhoird chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcoinneáil mar go bhféadfaidh an Stiúrthóir Cliniciúil, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, iad a aistriú ar ais chuig an bpríosún tráth ar bith.

Rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 88 othar i 2023, ar ardú é ar líon na n-othar a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil i gcomparáid le 2022 nuair a rinneadh athbhreithniú ar 82 n-othar.

As na 88 othar, mná a bhí i 11 nó 12.5% díobh agus fir a bhí i 77 nó 87.5% díobh. Sheol an Bord 187 éisteacht athbhreithnithe san iomlán i gcomparáid le 180 sa bhliain roimhe sin, ar ardú beagán de 3.9% é ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe. As na 88 othar, fáthmheasadh scitsifréine a bheith ar 65% díobh, neamhord scitseamhothachtálach a bheith ar 19% díobh agus neamhoird eile a bheith ar 16% de na hothair. Tá sé sin inchomórtais le 2022, bliain inar fáthmheasadh scitsifréine a bheith ar 63% de na hothair, neamhord scitseamhothachtálach a bheith ar 17% díobh agus neamhoird eile a bheith ar

20% díobh.  Is ceart a thabhairt do d'aire go ndéanann an Bord athbhreithniú ar an gcroíghrúpa céanna othar gach bliain.  (Féach Foscríbhinní A agus B maidir leis seo).

Den chéad uair, sheol an Bord an 40ú, 41ú agus an 42ú hathbhreithniú ar choinneáil roinnt othar i 2023.  Den 187 éisteacht athbhreithnithe, an 40ú athbhreithniú a bhí i gceist i seacht gcás, an 41ú athbhreithniú i gcúig chás agus an 42ú athbhreithniú i gcás amháin.   Bhí 7% san iomlán de na héisteachtaí ag an 40ú go dtí an 42ú céim athbhreithnithe.  Bhí 20% de na héisteachtaí ag an 1ú go dtí an 5ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 16% i 2022. Astu sin, an 1ú athbhreithniú a bhí i gceist le haon athbhreithniú dhéag nó 6%, i gcomparáid le 2022 nuair a bhí seacht gcinn d'athbhreithnithe den sórt sin ann, líon is cothrom le 4% d'iomlán na bliana sin. (Féach Foscríbhinn C maidir leis seo).

Mar a bhain le blianta eile, bhain tromlach na n-éisteachtaí athbhreithnithe le hothair arna gcimiú chun an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, tar éis a fháil neamhchiontach i gcion de dheasca gealtachta.   I 2023, bhain 135 n-éisteacht, sin 72% den líon iomlán, le coinneáil othar a cimíodh faoi Alt 5(2).  129 an líon a bhí sa chatagóir sin i 2022, sin 72% freisin de líon iomlán na n-éisteachtaí an bhliain sin.  Arís i 2023, bhain an dara líon ba mhó de na héisteachtaí athbhreithnithe le hothair a coinníodh faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad a aistríodh dá n-ainneoin chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar le haghaidh cúraim nó cóireála nach bhféadfaí a thabhairt dóibh sa phríosún.  Bhain 16% de na héisteachtaí athbhreithnithe i 2023 leis an ngrúpa sin, i gcomparáid le 13% i 2022. Bhain 10% de na héisteachtaí athbhreithnithe i 2023 le hothair a coinníodh faoi Alt 4(5) i gcomparáid le 13% an bhliain roimhe sin.  (Féach Foscríbhinn D maidir leis seo).

## 4. AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL FÁ MHEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Ceanglaítear ar an mBord, le hAlt 12(1) (c) d'Acht 2006, ionadaí dlíthiúil a shannadh do gach othar ar ábhar d'athbhreithniú a choinneáil nó a coinneáil, mura mbeartaíonn an t-othar ionadaíocht dhlíthiúil a fhostú ar a chostas nó a costas féin. Chuige sin, bhunaigh an Bord an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil fá Mheabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), 2006, faoinar bunaíodh painéal d'ionadaithe dlíthiúla agus déantar socrú maidir leis na táillí dlí a bhaineann le hionadaíocht os comhair an Bhoird Athbhreithnithe. Féadfaidh othair, más mian leo, seirbhísí aturnae a shanntar ón bpainéal a dhiúltú agus aturnae eile ón bpainéal a iarraidh nó féadfaidh siad aturnae nach ón bpainéal a fhostú ar a gcostas féin. Ar mhaithe le leanúnachas d'othair, ag féachaint don fhíoras go bhfuil neamhord meabhrach orthu, déanann an Bord a dhícheall an t-aturnae céanna a shannadh chun feidhmiú ar son othair ag éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

21 chomhalta a bhí ar phainéal na n-ionadaithe dlíthiúla ag deireadh 2023. I rith na bliana d'éirigh beirt chomhaltaí as an bpainéal.

8 gcás an meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha ar an bPainéal i 2023. (Féach Foscríbhinn E maidir leis seo).

## 5. ORDUITHE UM URSCAOILEADH

Cheadaigh an Bord urscaoileadh coinníollach i leith cúigear othar ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i 2023. 9 bliana an meánfhad coinneála san ospidéal do na hothair a urscaoileadh go coinníollach. Ocht mbliana an mheánré a mhair an dá cheann ba ghiorra agus 12 bhliain an mheánré a mhair an dá cheann ab fhaide. Is ceart a thabhairt do d'aire

nach foras riachtanach ná leordhóthanach, ann féin, é an t-achar ama a dhéantar othar a choinneáil san ospidéal chun urscaoileadh coinníollach a dheonú. (Féach Foscríbhinn F maidir leis seo).

Aisghaireadh beirt othar ó urscaoileadh coinníollach le linn 2023, mar go raibh Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar tagtha ar an tuairim go raibh sárú ábhartha déanta ag na hothair ar an ordú um urscaoileadh coinníollach.
Fuair an Bord seacht n-iarratas ar urscaoileadh neamhchoinníollach i 2023 ó othair a bhí urscaoilte go coinníollach ar feadh 12 mhí nó níos faide. Dheonaigh an Bord ceithre urscaoileadh neamhchoinníollach in 2023.

Fuarthas dhá iarratas maidir le hordú um urscaoileadh coinníollach a leasú i 2023 agus cheadaigh an Bord ceann amháin acu.

## 6. CIONTA NÓ CIONTA LÍOMHNAITHE

Ar áireamh sna cineálacha cionta, nó na cionta líomhnaithe, inar cúisíodh nó inar ciontaíodh othair a coinníodh sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar i 2023 bhí dúnmharú, iarracht ar dhúnmharú, dúnorgain, ionsaí agus ionsaí ba chúis le mórdhíobháil choirp. As na 88 n-othar a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil, bhí 41 díobh cúisithe, nó ciontaithe, i ndúnmharú. Duine de theaghlach an othair ba ea móramh d'íospartaigh an chiona nó an chiona líomhnaithe sin. Cúisíodh nó ciontaíodh 8 n-othar in iarracht ar dhúnmharú/dúnorgain/bás de dheasca tiomáint chontúirteach. Cúisíodh nó ciontaíodh 25 othar in ionsaí, in ionsaí ba chúis le díobháil / ionsaí ba chúis le mórdhíobháil choirp agus cúigear díobh i gcoirloscadh. Áirítear ar chionta eile ionsaí gnéasach, ionsaí fisiceach,

bagairt duine a mharú, ciapadh agus sceana a shealbhú agus imeaglú. (Féach Foscríbhinn G maidir leis seo).

## 7. FAISNÉIS AIRGEADAIS

Maoinítear an Bord Athbhreithnithe as Mírcheann A.13 de Vóta Oifig an Aire Dlí agus Cirt. Cloíonn an Bord Athbhreithnithe leis an gCód Caiteachais Phoiblí. I 2023, fuair an Bord Athbhreithnithe leithdháileadh buiséid €439,000. Tharla aistriú an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar i mí na Samhna, 2022. Níor ardaigh caiteachas an Bhoird, mar a bhí súil leis. €286,540.38 an caiteachas iomlán a bhí ann i 2023 faoi Mhírcheann A.13. Leagtar amach thíos na príomh-mhíreanna caiteachais:

| | |
|---|---:|
| Cúnamh Dlíthiúil in Aisce | €109,309.02 |
| Táillí na gComhaltaí Boird | *€95.000 |
| Táille an Chathaoirligh | €70,875 |
| Comhairle Dlí | €9,464.25 |

*Táillí a bhain le Nollaig 2022 agus a íocadh i mí Eanáir 2023 san áireamh. Níl táillí a bhain le Nollaig 2023 agus a íoctar i mí Eanáir 2024 san áireamh.

## 8. NOCHTADH COSANTA

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta na Roinne Dlí agus Cirt glactha ag an mBord Athbhreithnithe mar bheartas an Bhoird maidir le nochtaí cosanta san áit oibre. I gcomhréir le ceanglais tuairiscithe, dearbhaítear nach bhfuarthas aon tuairisc maidir le nochtadh cosanta i 2023.

## 9. COSAINT SONRAÍ

Tá beartas um chosaint sonraí na Roinne Dlí agus Cirt glactha ag an mBord Athbhreithnithe. Mar gheall ar a mhéid, ní mheastar é a bheith indéanta ag an mBord Oifigeach Cosanta

Sonraí dá chuid féin a cheapadh. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ceaptha mar Oifigeach Cosanta Sonraí don Bhord.

## 10. DUALGAS NA hEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Tá an Bord Athbhreithnithe tiomanta dá chinntiú go gcomhlíontar a fhreagrachtaí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 lena gcuirtear oibleagáid dhearfach ar chomhlachtaí poiblí, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann deireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint. Choimeád an Bord Athbhreithnithe an dualgas sin i gcuimhne le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh i 2023.

## 11. RIALACHAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

### Struchtúr agus Comhaltas an Bhoird Athbhreithnithe

Is comhlacht gar-bhreithiúnach, seachas bord rialachais, atá sa Bhord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) a dhéanann athbhreithniú ar choinneáil othar a bhíonn á gcoinneáil i lárionaid ainmnithe faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006. Is iad atá ar an mBord Cathaoirleach agus cibé líon gnáthchomhaltaí a cheanglóidh an tAire Dlí agus Cirt tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte. Breitheamh scortha den Ard-Chúirt atá sa Chathaoirleach atá ann faoi láthair agus tá triúr gnáthchomhalta ann, ar síciatraithe comhairleacha beirt díobh agus ar comhairleoir-síciteiripeoir duine díobh. An tAire a cheapann comhaltaí uile an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana, de réir mar a fhoráiltear

le hAcht 2006. Leagtar amach faoi seo comhaltas an Bhoird i 2023 agus dáta ceaptha na gcomhaltaí:

| Comhalta | Ceaptha |
|---|---|
| An Breitheamh Uasal Iarfhlaith Ó Néill | Meán Fómhair 2014<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2019 |
| An Dr. Katherine Brown<br>Síciatraí Comhairleach | Bealtaine 2017<br>Athcheaptha Bealtaine 2022 |
| Nóra McGarry, Uas.<br>Comhairleoir-Síciteiripeoir | Meán Fómhair 2011<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2016<br>Athcheaptha Meán Fómhair 2021 |
| An Dr. Elizabeth Walsh<br>Síciatraí Comhairleach | Eanáir 2013<br>Athcheaptha Eanáir 2018<br>Athcheaptha Eanáir 2023 |

**<u>Cothromaíocht Inscne</u>**

Is faoin Roinn Dlí agus Cirt atá sé comhaltaí a cheapadh ar an mBord Athbhreithnithe agus níl aon bhaint ag an mBord le ceapacháin. Amhail ar an 31 Nollaig 2023, bhí comhalta fireann amháin (25%) agus triúr comhaltaí baineanna (75%) ar an mBord Athbhreithnithe.

**<u>Freastal ar Éisteachtaí agus Táillí</u>**

Is annamh a thagann an Bord Athbhreithnithe le chéile, seachas le haghaidh éisteachtaí sa Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, Port Reachrann. Le linn dó coinneáil othar a athbhreithniú, suíonn an Bord i bpainéal de thriúr, agus bíonn an Cathaoirleach agus síciatraí sainchomhairleach amháin ar a laghad ar an bpainéal i gcónaí.

Táille €250 a íoctar le gnáthchomhaltaí in aghaidh gach éisteachta athbhreithnithe ar a ndéanann siad freastal. Íoctar an táille chéanna as freastal ar éisteachtaí i dtaca le hiarratais ar urscaoileadh neamhchoinníollach agus i dtaca le hiarratais chun coinníollacha a bhaineann le hurscaoileadh a leasú nó a athrú. I 2023, d'fhreastail comhaltaí uile am

Bhoird ar na héisteachtaí a raibh siad sceidealta freastal orthu. D'fhreastail an Dr. Brown ar 101 éisteacht, d'fhreastail Nóra Uasal McGarry ar 192 éisteacht agus d'fhreastail an Dr. Walsh ar 91 éisteacht.

An Cathaoirleach a bhíonn i gceannas ar gach éisteacht athbhreithnithe agus ar éisteachtaí chun iarratais ar urscaoileadh neamhchoinníollach a bhreithniú agus iarratais chun coinníollacha a leasú. Tugann an Cathaoirleach comhairle agus treoir don Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin freisin maidir le gnó an Bhoird a bhainistiú agus maidir le bainistiú aon chásanna dlí inar páirtí an Bord. Íoctar táille bhliantúil €70,875 leis an gCathaoirleach.

**Fostaithe**

Is Leas-Phríomhoifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt í Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird, Aisling Uas. Brennan, a chaitheann cuid dá cuid ama le dualgais Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird. Tá an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin freagrach as gnó agus acmhainní an Bhoird a bhainistiú agus a riaradh ó lá go lá. Ní íoctar táille ar leithligh leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin as a cuid oibre leis an mBord Athbhreithnithe.

Tacaíonn Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Feidhmiúcháin, atá ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt, leis an mBord Athbhreithnithe. Is státseirbhísigh iad foireann an Bhoird Athbhreithnithe agus íoctar rátaí pá cuí na státseirbhíse a bhaineann lena ngrád leo.

Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe íoc tháillí na gComhaltaí Boird a phróiseáil. Déanann Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt íocaíochtaí eile a phróiseáil.

**Formhaoirsiú agus Rialuithe Inmheánacha**

Thángthas ar Chomhaontú Formhaoirsithe don tréimhse 2023 – 2025 leis an Roinn Dlí agus Cirt agus shínigh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin é thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe. Leanfaidh an Comhaontú i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2025 agus foráiltear go ndéanfar é a athbhreithniú agus a nuashonrú tuairim is gach 12 mhí, más gá. Comhaontaíodh sa Chomhaontú, mar gheall ar fheidhmeanna reachtacha cúnga an Chathaoirligh, neamhspleáchas reachtúil an Bhoird agus chomh beag is atá sé, go ndéanfaidh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin an Tuarascáil Chuimsitheach a cheanglaítear a thabhairt don Aire de réir an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, 2016. Maidir le comhlíonadh an *Chóid Cleachtais,* tá an fhoráil den *Chód* a bhaineann le *'Comhlíon nó Mínigh'* curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir leis an mBord Athbhreithnithe.

Maidir le rialuithe inmheánacha agus bainistiú priacail, de bharr mhéid an Bhoird Athbhreithnithe, ní mheastar gurb indéanta don Bhord Aonad Iniúchóireachta nó Coiste Iniúchóireachta agus Priacail a bhunú. Ina ionad sin, tá socruithe eile bunaithe chun rochtain a thabhairt don Bhord ar Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus ar Choiste Iniúchóireachta agus Priacail na Roinne i ndáil le rialachas airgeadais. Déanann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin measúnú ar phríomhphriacail an Bhoird Athbhreithnithe agus déantar na priacail a shainaithnítear a áireamh ar an gClár Priacail arna chothabháil ag an Roinn. Is é an priacal is mó atá sainaitheanta ná nach ndéanfar éisteachtaí athbhreithnithe a chur i gcrích laistigh de na teorainneacha ama reachtúla. Leis na bearta maolaithe atá glactha, táthar á chinntiú go ndéantar athbhreithnithe a chur i gcrích de réir an dlí.

Ní cheanglaítear leis an reachtaíocht bhunaitheach ar an mBord Athbhreithnithe Ráitis Airgeadais a chur ar fáil. Déanann an Bord, tríd an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, idirchaidreamh le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt, agus tugann an tIonad tuarascáil ar ioncam agus caiteachas an Bhoird i dtuarascálacha bainistíochta míosúla na Roinne. Déanann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na tuarascálacha míosúla a choimeád faoi athbhreithniú agus tá nósanna imeachta curtha ar bun chun a chinntiú go n-údaraítear caiteachas de réir threoirlínte na Roinne.

Ag féachaint do mhéid an Bhoird agus don bhonn reachtúil atá lena shainchúram, ar sainchúram é nach n-athraítear mura leasaítear reachtaíocht, ní mheastar gur gá don Bhord plean straitéiseach a ullmhú. Mar sin féin, foilsíonn an Bord Athbhreithnithe staidreamh iomchuí maidir lena aschur ina Thuarascáil Bhliantúil a chuirtear faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Cloíonn an Bord Athbhreithnithe le treoirlínte agus beartais na seirbhíse poiblí maidir le soláthar. Más gá sin, is i gcomhairle le hAonad Soláthair na Roinne Dlí agus Cirt agus Oifig Soláthair an Rialtais a dhéantar aon chomórtas soláthair a sheoladh.

**Tabhair do d'aire:**

**Tá na nithe seo a leanas le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.mhclrb.ie**


**Comhdhlúthú riaracháin ar an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí;**
**(www.lawreform.ie/_fileupload/revisedacts/withannotations/en_act_2006_0011.pdf)**

**Nósanna Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**
**https://www.mhclrb.ie/wp-content/uploads/2020/06/Procedures-MHRB.pdf**

**Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), 2006 https://www.mhclrb.ie/wp-content/uploads/2020/06/Terms-Conditions-of-MHCLRB.pdf**

## Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa 2023/2022

| Mí | Líon na nÉisteachtaí i 2023 | % den Iomlán 2023 | Líon na nÉisteachtaí i 2022 | % den Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 15 | 8% | 11 | 6% |
| **Feabhra** | 11 | 6% | 15 | 8% |
| **Márta** | 22 | 12% | 17 | 9% |
| **Aibreán** | 11 | 6% | 16 | 9% |
| **Bealtaine** | 19 | 10% | 20 | 11% |
| **Meitheamh** | 13 | 7% | 9 | 5% |
| **Iúil** | 17 | 9% | 17 | 9% |
| **Lúnasa** | 18 | 10% | 15 | 8% |
| **Meán Fómhair** | 11 | 6% | 12 | 7% |
| **Deireadh Fómhair** | 19 | 10% | 22 | 12% |
| **Samhain** | 13 | 7% | 10 | 6% |
| **Nollaig** | 18 | 10% | 16 | 9% |
| **Iomlán** | **187** | | **180** | |



## Líon na nOthar arna nAthbhreithniú in aghaidh Diagnóise i 2023/2022

| Diagnóis | Líon na n-othar a athbhreithníodh 2023 | % den Iomlán 2023 | Líon na n-othar a athbhreithníodh 2022 | % den Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Scitsifréine** | 57 | 65% | 52 | 63% |
| **Neamhord Scitseamhothachtálach** | 17 | 19% | 14 | 17% |
| **Neamhoird eile** | 14 | 16% | 16 | 20% |
| **Iomlán** | **88** | | **82** | |

**Áirítear ar na Neamhoird Eile:**

Neamhord Mothachtálach Dépholach

Neamhord de chuid Speictream an Uathachais

Siondróm Asperger

Síocóis Mhothachtálach

Síocóis Orgánach

Neamhord Dúlagair Athfhillteach Trom le Gnéithe Síocóiseacha


Neamhord Dúlagair

Neamhord Pearsantachta de dheasca a bheith Míshocair ó thaobh na Mothúchán de

Neamhord Pearsantachta Orgánach


Míchumas Intleachtúil

Neamhord néarfhorbartha



## Líon na nÉisteachtaí i 2023/2022 in aghaidh Chineál an Athbhreithnithe

| Cineál an Athbhreithnithe | Líon na nAthbhreithnuithe 2023 | % den Iomlán 2023 | Líon na nAthbhreithnithe 2022 | % den Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **1ú hAthbhreithniú** | 11 | 6% | 7 | 4% |
| **2ú – 5ú hAthbhreithniú** | 26 | 14% | 21 | 12% |
| **6ú – 10ú hAthbhreithniú** | 20 | 11% | 39 | 22% |
| **11ú – 15ú hAthbhreithniú** | 31 | 17% | 27 | 15% |
| **16ú – 20ú hAthbhreithniú** | 29 | 16% | 39 | 22% |
| **21ú – 25ú hAthbhreithniú** | 29 | 16% | 12 | 6% |
| **26ú – 30ú hAthbhreithniú** | 10 | 5% | 7 | 4% |
| **31ú – 35ú hAthbhreithniú** | 6 | 3% | 4 | 2% |
| **36ú – 40ú hAthbhreithniú** | 19 | 10% | 24 | 13% |
| **41ú - 42ú hAthbhreithniú** | 6 | 3% | | |
| **Iomlán** | **187** | | **180** | |




**<u>Líon na nÉisteachtaí i 2023/2022 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú</u>**

| Alt d'Acht 2006 | Líon na nÉisteachtaí 2023 | % den Iomlán 2023 | Líon na nÉisteachtaí 2022 | % den Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Alt 4(3)** | 4 | 2% | 3 | 2% |
| **Alt 4(5)** | 18 | 10% | 24 | 13% |
| **Alt 5(2)** | 135 | 72% | 129 | 72% |
| **Alt 15(1)** | 1 | 1% | | |
| **Alt 15(2)** | 29 | 16% | 24 | 13% |
| **Iomlán** | **187** | | **180** | |

Tabhair do d'aire: Tá othar amháin coinnithe faoi Alt 5(2) agus Alt 15(1).
Níl coinneáil an othair sin á comhaireamh ach faoi Alt 5(2).

| | |
|---|---|
| **Alt 4(3)** | Neamhinniúil ar Phléadáil, An Chúirt Dúiche |
| **Alt 4(5)** | Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Eile |
| **Alt 5(2)** | Neamhchiontach de dheasca gealtachta |
| **Alt 15(2)** | Aistriú neamhdheonach ón bPríosún |
| **Alt 15(5)** | Leanúint d'aistriú dá deonach ón bPríosún (iar ndiúltú do chúram nó do chóireáil) |



## Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil i 2023/2022

| Bliain | Líon na nIonadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal | Meánlíon na gcásanna a sannadh |
|---|---|---|
| **2023** | 23* | 8 |
| **2022** | 27** | 7 |

* Ag deireadh 2023 bhí 21 chomhalta ar an bPainéal. I rith na bliana d'éirigh beirt as an bpainéal.

* Ag deireadh 2022 bhí 23 chomhalta ar an bPainéal. Ceapadh beirt aturnaetha eile ar an bpainéal (athcheapadh duine díobh) i rith na bliana agus d'éirigh ceathrar as.

**Foscríbhinn F**

**Líon na nOthar a Urscaoileadh go Coinníollach i 2023/2022**

| Mí an Ordaithe um Urscaoileadh Coinníollach | Líon na nOthar 2023 | Líon na nOthar 2022 |
|---|---|---|
| **Feabhra** | 2 | 1 |
| **Aibreán** | 2 | |
| **Bealtaine** | | 1 |
| **Lúnasa** | | 1 |
| **Deireadh Fómhair** | | 1 |
| **Nollaig** | 1 | |
| **Iomlán** | **5** | **4** |

## Cionta nó Cionta Líomhnaithe othar a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil i 2023

| Cineál an Chiona nó an Chiona líomhnaithe | Líon na n-othar a cúisíodh, nó a ciontaíodh, i gcion | |
|---|---|---|
| **Dúnmharú** | **41** | |
| inar dhuine den teaghlach an t-íospartach | | 23 |
| ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 10 |
| inar strainséir an t-íospartach | | 8 |
| **Iarracht ar Dhúnmharú / Dúnorgain/ Bás de dheasca tiomáint chontúirteach** | **8** | |
| inar dhuine den teaghlach an t-íospartach / ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 5 |
| inar strainséir an t-íospartach | | 3 |
| **Ionsaí ba chúis le díobháil/mórdhíobháil choirp** | **25** | |
| inar dhuine den teaghlach an t-íospartach | | 4 |
| ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 6 |
| inar strainséir an t-íospartach | | 15 |
| **Coirloscadh** | **5** | |
| **Eile** | **9** | |
| **Iomlán** | **88** | |

**Tabhair do d'aire**

1) Maidir le hothair a ciontaíodh, nó a cúisíodh i níos mó ná cion / cion líomhnaithe amháin, cuireadh i gcatagóir iad de réir an chiona/an chiona líomhnaithe ba thromchúisí.

2) I mionlach de na cásanna, bhí níos mó ná íospartach amháin i gceist sa chion inar cúisíodh nó inar ciontaíodh othar.

3) Áiríonn an catagóir "**Eile**" ionsaí gnéasach, ionsaí fisiceach, bagairt duine a mharú, ciapadh agus sceana a shealbhú agus imeaglú.